

LEATHANACH 335

Dé Luain, an 2 Nollaig 2019

Other Voices

Bhí *Other Voices* ar siúl sa Daingean thar an deireadh seachtaine. Is ceolchoirm mhór í seo. Tagann a lán daoine chuig an Daingean don cheolchoirm. Bhí an aimsir go hálainn agus bhí an-am ag gach duine.

Bhí a lán bannaí ceoil sa Daingean thar an deireadh seachtaine. Bhí comhdháil ar siúl mar chuid den cheolchoirm freisin: ag comhdháil tagann daoine le chéile chun ceist éigin a phlé. Thosaigh an chomhdháil Dé hAoine ag 9.45 ar maidin.

Ireland's Edge an t-ainm a bhí ar an gcomhdháil. Chuir an chomhdháil seo béim ar an gceol, an teicneolaíocht, an scéalaíocht, agus an ealaín.

Bhí go leor bannaí ceoil ag seinm ceoil sa Daingean. Tá fuinneoga daite Harry Clarke le feiceáil sa Daingean. Tá a lán dathanna iontu. Is fuinneoga áille iad.



Tá fuinneoga daite Harry Clarke sa pictiúr seo.

X Factor

Bhí an chraobh den X Factor ar siúl ar an Satharn. Bhí na moltóirí ar bís. Bhí V5, Max and Harvey, Jenny Ryan agus Megan McKenna sa chraobh. Bhuaigh Megan McKenna an comórtas. Bhí áthas an domhain uirthi.

Chan V5, Max and Harvey, Jenny Ryan agus Megan McKenna amhrán Nollag ar an gclár agus bhí orthu amhrán amháin eile a chanadh freisin.

Chan Nicola Scherzinger ar an stáitse freisin. Chan Megan 'It Must Have Been Love' agus 'This'. Scríobh sí an t-amhrán 'This'. Tá an-ghrá aici don cheol. Comhghairdeas le Megan!



Jim Gavin

D'éirigh Jim Gavin as a phost mar bhainisteoir ar fhoireann Bhaile Átha Cliath. Chaith sé seacht mbliana sa phost sin. D'imir Gavin peil do Bhaile Átha Cliath nuair a bhí sé níos óige.

Chaith sé a lán ama ag cabhrú leis na himreoirí peile ó Bhaile Átha Cliath.

2008-2012 - Bainisteoir ar fhoireann peile na bhfear faoi 21

2012-2019 - Bainisteoir ar fhoireann peile na bhfear

Bhuaigh 'na Dubs' 6 Chluiche Ceannais Peile na hÉireann nuair a bhí Jim Gavin ag obair leo mar bhainisteoir.

Tá an-bhrón ar na himreoirí go bhfuil sé ag éirí as, ach tá siad an-bhródúil as Jim Gavin. Ba bhainisteoir den chéad scoth é. Comhghairdeas le Jim Gavin!



Tá Jim Gavin le feiceáil sa ghrianghraf seo.